# FÓGRA MAIDIR LE HULLMHÚ DHRÉACHT-PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN, 2024-2029

Tugtar fógra leis seo go bhfuil Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024- 2029 ullmhaithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin de bhun Alt 16 den Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Tá ag gabháil leis an Dréachtphlean Tuarascáil Chomhshaoil um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC), arna hullmhú de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe), 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011), agus Measúnacht Chuí (AA) i ndáil le Tuarascáil Tionchair Natura, de bhun Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga 92/43/CEE.

Leagtar amach sa Dréachtphlean an chaoi ar féidir leis an údarás áitiúil raon bearta maolaithe, bearta oiriúnaithe agus bearta aeráide eile a chur chun cinn, chun cabhrú le hoibleagáidí náisiúnta aeráide agus Ollchuspóir Náisiúnta Aeráide an Rialtais a chomhlíonadh, a fhéachann le haistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh carbóin de a lorg agus a bhaint amach.

**Comhairliúchán Poiblí**

Beidh Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Tuarascáil Chomhshaoil MSC agus an Mheasúnacht Chuí i ndáil le Tuarascáil Tionchair Natura ar taispeáint ó Dé Céadaoin, an 20 Meán Fómhair go dtí Dé hAoine, an 3 Samhain 2023 ag na láithreacha seo a leanas:

- ar líne ag www.dlrcoco.ie
- ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, A96 K6C9, ó Luan go hAoine (seachas Laethanta Saoire Bainc), idir 09:00 agus 17:00 (Luan go Déardaoin) agus idir 09:00 agus 16:30 (ar an Aoine).
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Páirc Oifigí Dhún Droma, an Phríomhshráid, Dún Droma, D14 YY00, ó luan go hAoine (seachas Laethanta Saoire Bainc) idir 09:30 agus 12:30 agus idir 13:30 agus 16:30.
- Gach brainse de Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le linn uaireanta oscailte an bhrainse.

**Seisiúin Eolais don Phobal**

Tá sraith seisiúin eolais don phobal ar an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide beartaithe mar atá leagtha amach thíos:

- Ionad Tréadach an Pharóiste, Séipéal na Croise Naofa, an Phríomhshráid, Dún Droma, Co. Bhaile Átha Cliath, D14 K820 – Dé Máirt, an 3 Deireadh Fómhair ó 15:00 go 19:00.
- An Halla Tionóil, Áras an Chontae, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9 – Dé Máirt, an 10 Deireadh Fómhair ó 15:00 go 19:00.
- An Seomra Cruinn, Teach an Ard-Mhéara, Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath 2 – Dé Máirt, an 17 Deireadh Fómhair ó 15:00 go 19:00.

Fógrófar aon imeachtaí comhairliúcháin phoiblí eile le linn na tréimhse comhairliúcháin ar www.dlrcoco.ie.

**Aighneachtaí/Tuairimí**

Fáilteofar roimh aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Tuarascáil Chomhshaoil MSC agus an Mheasúnacht Chuí. Is féidir aighneacht a dhéanamh nó tuairim a chur isteach idir Dé Céadaoin, an 20 Meán Fómhair 2023 agus 23:59 ar an 3 Samhain 2023 ar na bealaí seo a leanas amháin:

Is féidir aighneacht i scríbhinn a dhéanamh:

Go leictreonach trí Thairseach Comhairliúchán Poiblí na Comhairle, atá ar fáil ag https://dlrcoco.citizenspace.com/infrastructure-climate-change/climate-action-plan-2024-to-2029, ón 20 Meán Fómhair 2023 go dtí 23:59 ar an 3 Samhain 2023;

**nó**

Mar chóip chrua

Tríd an bpost chuig an seoladh seo a leanas:

**Comhairliúchán maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024-2029, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9.**

**nó**

de láimh ag ceann de na láithreacha a bhfuil an Dréachtphlean ar taispeáint.

**nó**

Tríd an ríomhphost chuig: climate@dlrcoco.ie

**Dé hAoine, an 3 Samhain 2023 an spriocdháta le haighneachtaí agus tuairimí a fháil.**

Iarrtar ort gan d'aighneacht a dhéanamh ná do thuairimí a chur isteach ach ar aon bhealach amháin, i.e. ar líne, tríd an ríomhphost nó mar chóip chrua.

Ba cheart d'ainm agus do sheoladh a bheith san áireamh in aighneachtaí nó tuairimí agus, nuair is cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa pobail nó cuideachta srl. a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta dóibh. Spreagtar leanaí, nó grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí go háirithe, aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a chur isteach maidir leis an méid sin thuas.

Na haighneachtaí agus na tuairimí i scríbhinn maidir leis an Dréachtphlean a gheofar laistigh den tréimhse luaite, cuirfear san áireamh iad sula ndéanfar an Plean deiridh.

Tabhair faoi deara **nach ndéanfar plé** le haighneachtaí ná le tuairimí **DÉANACHA**. Moltar go láidir duit d'aighneacht a dhéanamh nó do thuairim a chur isteach chomh luath agus is féidir.

**Cosaint Sonraí**

Gach aighneacht a gheofar **ina mbeidh toiliú tugtha, foilseofar í ar láithreán gréasáin na Comhairle, chomh maith le hainm an duine nó ainm na heagraíochta** a ndearnadh an aighneacht thar a ceann. **Déanfar ainm na ndaoine agus na n-eagraíochtaí sin a lua i dTuarascáil an Príomhfheidhmeannaigh, a fhoilseofar ar láithreán gréasáin na Comhairle**.
I gcás **nach mbeidh** toiliú tugtha, **ní fhoilseofar** ainm na ndaoine aonair **ar láithreán gréasáin na Comhairle**, ach **foilseofar ábhar a n-aighneachta ar láithreán gréasáin na Comhairle mar sin féin. Déanfar ainm na ndaoine agus na n-eagraíochtaí sin a lua i dTuarascáil an Príomhfheidhmeannaigh, a fhoilseofar ar láithreán gréasáin na Comhairle**.

Ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag https://www.dlrcoco.ie/climate-action-plan-2024 tá an ráiteas iomlán príobháideachta a bhaineann le próiseáil do chuid sonraí i ndáil le haighneacht ar an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024-2029.

**Paul Kennedy**
**Stiúrthóir Seirbhíse**
**Bonneagar agus Athrú Aeráide**
**(lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht ar Bhóithre)**

**Arna dhátú: Dé Céadaoin, an 20 Meán Fómhair 2023**



Irish Times 33x4 169mm
Gazette 33x5 188.5
DB